

Pensions



Information for Scheme Members

in the format of Frequently Asked Questions

Cost-Neutral Early Retirement (Circular Letter PEN 07/05)
Revised Spouses' and Children's Pension Scheme (Circular Letter PEN 14/05) Revised Notional Service Circular (Circular Letter PEN 11/05)
Purchase of Notional Service, (for superannuation purposes) by job-sharers (Circular Letter PEN 5/02)
Purchase of Notional Service, (for Superannuation purposes) revision of the scheme (Circular 0129/2006)

Brollach

Tugtar an t-eolas sna Ceisteanna Coitianta thíos mar achoimre agus treoir ghinearálta maidir leis an scor. Ní ceart a mheas gur sainmhíniú dlíthiúil é agus ní bhronntar cearta ar bith leis nach bhfuil bronnta sa scéim phinsin.

Ceisteanna Coitianta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Feighlithe atá fostaithe faoi scéim 1979 i mBunscoil

1. Cé tá intofa ar shochair phinsin faoin scéim seo?
2. Céard iad na príomhshochair?
3. Cén chaoi gur cheart dom dul isteach sa scéim phinsin?
4. Céard iad na ranníocaíochtaí a dhéanfaidh mé i leith na sochar seo?
5. An Scéim le Sochar Sainithe nó Scéim le Ranníocaíocht Shainithe mo scéim phinsin agus cen chaoi a maoinítear í?
6. Cad é an bonn ar a ríomhtar mo shochair phinsin?
7. Céard is seirbhís inphinsin ann?
8. Céard is luach saothair inphinsin ann?
9. Cén chaoi a ríomhtar mo phinsean agus mo chnapshuim?
10. Taim ag postroinnt – cén chaoi a ríomhtar mo phinsean?
11. An íocfar mo phinsean sa ghnáthchúrsa ar scor dom?
12. Cén aois ag a bhfuil sochair iníoctha?
13. An méadófar mo phinsean tar éis scor dom?
14. An laghdaítear na sochair más rud é go n-athfhostaítear ball sa chóras scoile tar éis scor dó/di?
15. Cén chaoi a n-íoctar pinsin?
16. Céard iad na sochair atá iníoctha má bhíonn orm scor go luath ar fhorais mhíochaine?
17. Céard iad na sochair a bhfuil feidhm acu má fhaighim bás sa tseirbhís?
18. Céard iad na sochair a bhfuil feidhm acu i gcás báis tar éis scoir?
19. Céard iad na sochair a bhfuil feidhm acu sa chás go n-éirítear as an tseirbhís ar fhorais seachas aois nó scor ar fhorais mhíochaine?
20. Céard tá sa Scéim Phinsin Ranníocach do Chéilí agus Leanaí?
21. Cén chaoi a ríomhtar pinsean chéile/pháirtí shibhialta?
22. Cé hiad na daoine clainne atá intofa ar phinsin?
23. Cé méid pinsin a fhaigheann duine clainne?
24. An mbeidh orm íoc as pinsean Chéile/Pháirtí Shibhialta?
25. Cé a fhaigheann sochar as teidíochtaí caomhnaithe?
26. Céard is blianta breise ann?
27. Céard iad na socruithe atá ar bun d'aistriú seirbhíse inphinsin?
28. An féidir liom seirbhís a tugadh roimh thosach do mo bhallraíocht sa Scéim a cheannach?
29. Céard tá sa Scéim do Cheannach Seirbhíse Barúlaí?
30. Céard is Ranníocaíochtaí Breise Deonacha ann?
31. Cén chaoi a gcaitear le sochair agus ranníocaíochtaí chun críche cánach ioncaim?
32. Céard a tharlóidh do mo phinsean má éirím colscartha nó scartha?
33. Cén iarmhairt a bheidh ag ÁSPC ar mo phinsean gairme?
34. Cén áit a bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Aonad na bPinsean, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain,
Co na hIarmhí

R-phost: pensions@education.gov.ie Gréasán: www.education.ie

Bealtaine 2014

1. Cé tá intofa ar shochair phinsin faoin scéim seo?

Tá na daoine seo a leanas intofa ar iontráil ar an Scéim Aoisliúntais (Oideachas)–

(a) Cúntóir Riachtanas Speisialta a bhí ag fónamh ar nó tar éis 1 Meán Fómhair 2001 agus roimh 1 Eanáir 2013 atá fostaithe i mbunscoil, i meánscoil, nó i bpobalscoil nó scoil chuimsitheach ar an gcoinníoll nach mbíonn aon bhriseadh seirbhíse níos faide ná 26 seachtain aige/aici ar leanadh leis nó ar cuireadh tús leis ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

(b) Feighlí a ceapadh i gcáilíocht Lánaimsire i mBunscoil agus a n-íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna a thuarastal go díreach faoi Scéim 1979 (Fostaíocht) agus a bhí ag fónamh ar 1 Meán Fómhair 2001 nó ina dhiaidh sin.

Tá na scéim (Fostaíocht) atá leagtha amach i (c) thuas á céimniú amach.

2. Céard iad na príomhshochair?

Is iad na príomhshochair ná:

- ◆ Pinsean scoir agus cnapshuim (ceisteanna 6 go 12)
- ◆ Sochair bháis (ceisteanna 17 go 18)
- ◆ Pinsin Céilí/Páirtithe Sibhialta agus páistí (ceisteanna 20 go 24)

I measc na ngnéithe eile den phinsean a chlúdaítear tá:

- ◆ Sochair atá laghdaithe go hachtúireach (ceist 12)
- ◆ Sochair choinnithe (ceist 25)
- ◆ Aistriú seirbhíse (ceist 27)
- ◆ Ceannach seirbhíse roimh thús na scéime pinsin (ceist 28)
- ◆ Ceannach seirbhíse barúlai (ceist 29)
- ◆ Ranníocaíochtaí Deonacha Breise (ceist 30)
- ◆ Cóireáil cánach i leith an pinsin (ceist 32)
- ◆ Colscaradh nó idirscaradh (ceist 33)

3. Cén chaoi gur cheart dom dul isteach sa scéim pinsin?

Tá ballraíocht sa Scéim éigeantach do gach aon duine intofa a cheaptar i bpost don chéad uair riamh nó tar éis sosa seirbhíse (feic 1 thuas).

4. Céard iad na ranníocaíochtaí a dhéanfaidh mé i leith na sochar seo?

Ní mór do gach aon bhall den Scéim ranníocaíocht a íoc i gcaitheamh a b(h) allraíochta sa Scéim. Is ionann an ranníocaíocht agus 3.5% den luach saothair glan móide 1.5% den luach saothair.

Ciallaíonn luach saothair i mbliain ar bith iomlán an bhuntuarastail a bhí iníoctha sa bhliain sin. Ciallaíonn luach saothair glan an difríocht idir an luach saothair agus uasráta pearsanta an Pinsin Stáit (Ranníocach) faoi dhó. An Pinsean Seanaoise Ranníocach a thugtaí ar an bPinsean Stáit (Ranníocach) roimhe seo.

33. Cén iarmhairt a bheidh ag ÁSPC ar mo phinsean gairme?

I 1995, leathnaíodh an lánráta ÁSPC go dtí na fostaithe nua go léir sna catagóirí fostaithe seirbhíse poiblí (múinteoirí san áireamh) a raibh feidhm go traidisiúnta ag an ráta mionathraithe ÁSPC ina leith.

Cinntear méid na ranníocaíochta pinsin gairme atá iníoctha trí thagairt don Aicme ÁSPC.

Bíonn ranníocaíocht níos airde ÁSPC acu siúd atá ar Aicme A ós rud é go bhfuil siad ag déanamh soláthair do phinsean stáit.

Féadann teidlíocht do phinsean stáit bheith i gceist áit a bhfuiltear ag íoc ÁSPC Aicme A. Ós rud é go mb'fhéidir nach dtiocfadh an pinsean stáit chun bheith iníoctha go dtí aois 66, agus go dtéann roinnt ball ar scor tamall maith roimh dóibh an aois sin a shlánú, féadann an Roinn pinsean forlíontach a íoc leis na baill sin sa tréimhse idir scor dóibh agus aois 66, áit a sásaíonn siad critéir áirithe. Is é is aidhm le hÍoc an pinsin fhorlíontaigh ná a chinntiú nach mbeidh baill a d'íoc ÁSPC Aicme A faoi mhíbhuntáiste sa tréimhse idir scor dóibh agus an dáta ar a bhfaighidh siad an pinsean Stáit.

Is féidir íoc an pinsin fhorlíontaigh a fhadú thar aois 66 áit a sásaítear na critéir i gcónaí. Áit a dtagann pinsean Stáit chun bheith iníoctha ar luach níos airde ná luach an pinsin fhorlíontaigh, cuirfear deireadh leis an bpinsean forlíontach láithreach. Má fhaightear pinsean Stáit ar luach níos ísle ná luach an pinsin fhorlíontaigh laghdófar an pinsean forlíontach.

34. Cén áit a bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Is féidir rochtain ar fhoirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais faoi na Scéimeanna Pinsin ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais & Scileanna ag:

<http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Retirement-Pensions/>

Más rud é, tar éis duit suíomh gréasáin na Roinne a cheadú, go mbíonn tuilleadh soiléirithe faoi ghnéithe ar bith de na pinsin ag teastáil uait i gcónaí, déan teagmháil linn le do thoil tríd an ríomhphost pensions@education.gov.ie nó tríd an bpost chuig Aonad na bPinsean, Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co na hIarmhí, agus cuir faoi bhráid an fhoirm cheiste atá le fáil ar an suíomh gréasáin.

Ag seo liosta de roinnt ciorclán a eisíodh le gaird a d'fhéadfadh bheith ina n-ábhar suime duit, agus gur féidir iad a amharc ar an suíomh gréasáin:

Pension Scheme for Special Needs Assistants (Circular Pen 02/04)

Pension Scheme for Special Needs Assistants employed in Secondary Community & Comprehensive Schools (Circular Pen 63/2008)

Pension Scheme for Caretakers in Primary Schools employed under the 1978 scheme (Circular Pen 18/2008)

New Entrant Circular (Circular P 10/04)

30. Céard is Ranníocaíochtaí Breise Deonacha ann?

Áis is ea scéimeanna Ranníocaíochtaí Breise Deonacha atá ar fáil do bhaill trína gceardchumainn/cumainn foirne trín ar féidir leo a gcuid sochar pinsin a bhreisiú ar a gcostas féin, de réir mar a cheadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim. Socrú príobháideach idir an duine aonair agus soláthróir pinsin de chuid na hearnála príobháidí atá iontu go bunúsach. De ghnáth bíonn an sochar i riocht suime breise airgid de phinsean nó cnapshuime seachas na blianta breise seirbhíse barúlaí faoin scéim cheannaigh. Braitheann an sochar airgid sa deireadh thiar ar fheidhmíocht an chiste ina bhfuil na Ranníocaíochtaí Breise Deonacha infheistithe. Tá na Ranníocaíochtaí inlamhála in aghaidh cháin ioncaim, faoi réir ag rialacha na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tharlódh go bhféadfaí luach Ranníocaíochtaí Breise Deonacha a aistriú go dtí Scéim Phinsin an bhaill chun seirbhís bharúlach a cheannach. Tá tuilleadh eolais i dtaobh na gcoinníollacha a bhaineann leis seo le fáil ó Aonad na bPinsean.

31. Cén chaoi a gcaitear le sochair agus ranníocaíochtaí chun críche cánach ioncaim?

Faoi na rialacha reatha, níl an chnapshuim, an aisce bháis ná an aisce chomhardaithe (más cuí) faoi réir ag cáin ioncaim. Bíonn pinsin faoi réir ag cáin ioncaim sa ghnáthshlí.

De ghnáth, cháileodh ranníocaíochtaí i gcomhair sochar pearsanta, i gcomhair na Scéime Ranníocaí do Chéilí agus Leanaí, agus i gcomhair na Scéime Ceannaigh d'fhaoiseamh cháin ioncaim faoi réir ag tairseacha na gCoimisinéirí Ioncaim.

Áit a bhfuil aisíoc ranníocaíochtaí dlíte do bhall (toisc nach bhfuil dóthain seirbhíse aige/aici chun cáiliú do shochar caomhnaithe nó toisc nach féidir leis/léi seirbhís a aistriú), déanfar an tsuim chuí a aisíoc leis/léi lúide suim a bheidh cothrom le haon dlíteanas cánach ioncaim a bheidh ann i leith ranníocaíochtaí dá leithéid (20% faoi láthair).

32. Céard a tharlódh do mo pinsean má thagam chun bheith colscartha nó idirscartha?

Ní

rachaidh colscaradh nó idirscaradh breithiúnach i gcion ar do pinsean ach amháin má bhíonn Ordú Coigeartaithe Pinsin i bhfeidhm faoina leithdháiltear cuid de na teidlíochtaí pinsin ar an gCéile/Páirtí Sibhialta nó ar leanaí cleithiúnacha. Féadann Ordú Coigeartaithe Pinsin dul i gcion ar aisce bháis agus ar theidlíochtaí pinsin céilí freisin. Áit nach bhfuil aon Ordú Coigeartaithe Pinsin ann beidh na sochair iníochta de réir rialacha na scéime. Gnó do na páirtithe ag na himeachtaí dlíthiúla agus do na Cúirteanna is ea na socruithe maidir le hOrduithe Coigeartaithe Pinsin a dhéanamh, go príomha. Áit a bhfuil iarratas curtha isteach ar Ordú Coigeartaithe Pinsin is ceart duit fógra a thabhairt d'Aonad na bPinsean sa Roinn seo.

Braithfidh méid na ranníocaíochtaí a bheidh iníochta ag ball, atá i seirbhís pháirtaimseartha agus ag íoc ÁSPC iomláin, ar an tréimhse lena mbaineann an tseirbhís. Má tugadh an tseirbhís roimh 1 Meán Fómhair 2001, íocfaidh sé/í 3.5% den luach saothair glan móide 1.5% den luach saothair don tréimhse seirbhíse sin. I gcas seirbhíse ar bith a tugadh tar éis 1 Meán Fómhair, áfach, ríomhfar ranníocaíochtaí ar bhonn pro-rata. Ciallaíonn sé seo go mbeidh siad bunaithe ar luach saothair inphinsin bharúlach agus go sloinnfear an patrún oibre páirtaimseartha mar chéatadán den tseirbhís lánaimsire.

5. An Scéim le Sochar Sainithe nó Scéim le Ranníocaíocht Shainithe mo scéim phinsin agus cén chaoi a maoinítear í?

Is Scéim le Sochar Sainithe de réir an Tuarastail Dheiridh do scéimse as a dtagann pinsean bunaithe ar sheirbhís agus luach saothair inphinsin deiridh (pá). Feic ceist 6 chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi ina ríomhtar iad siúd. Scéim neamh-mhaoinithe Íoc-Mar-a-Úsáidtear an scéim. Sainmhínítear méid an tsochair phinsin i rialacha na scéime agus ní théann torthaí infheistíochta i gcion air.

Iníoctar sochair na scéime as airgead a vótáil an tOireachtas.

6. Cad é an bonn ar a ríomhtar mo shochar phinsin?

Ar scor duit beidh tú i dteideal pinsean agus cnapshuim a fháil ar an gcoinníoll go mbíonn íosmhéid 2 bhliain de sheirbhís iarbhír (*i.e.* bhí tú ag obair leis an bhfad sin ama) inphinsin. Cinntear an pinsean agus na híocaíochtaí cnapshuime trí thagairt do –

- ◆ lomlán na seirbhíse inphinsin (bunaithe ar bhlianta agus laethanta seirbhíse a críochnaíodh faoi réir ag íosmhéid 40 bliain), agus
- ◆ Luach saothair inphinsin ar an lá deiridh seirbhíse

7. Cad is seirbhís inphinsin ann?

Is éard a áirítear mar sheirbhís inphinsin i mbunscoil, meánscoil, pobalscoil/scoil chuimsitheach (ceist 1) ná an tseirbhís seo a leanas–

- Seirbhís Bhuan agus Seirbhís Lánaimsire Sealadach
- Postroinnt
- Seirbhís ionadaíoch agus seirbhís pháirtaimseartha áirithe
- Seirbhís aistrithe
- Seirbhís bharúlach cheannaithe*
- Blianta breise/seirbhís a dheonaítear i dtosca áirithe
- Saoire áirithe fhaofa ach faoi réir ag coinníollacha áirithe

Braithfidh an bealach ina gcuirfear seirbhís pháirtaimseartha chun sochair do dhuine ar an uair a tugadh an tseirbhís agus ar stádas na seirbhíse páirtaimseartha.

Seirbhís pháirtaimseartha a tugadh tar éis 1 Meán Fómhair 2001

Tá gach seirbhís pháirtaimseartha a tugadh tar éis 1 Meán Fómhair 2001 inphinsin agus ní éilítear aon íosmhéid uaire chun go gcáileoidh sé amhlaidh. Ríomhtar an tseirbhís ar bhonn pro-rata i gcomparáid le seirbhís lánaimseartha.

Tá seirbhís pháirtaimseartha a tugadh roimh 1 Meán Fómhair 2001 faoi réir ag tairseacha áirithe agus ag modhanna éagsúla chun an tseirbhís sin a chur do shochar dhuine.

Chun críche sochar pinsin, ní féidir le seirbhís inphinsin dul thar 40 bliain.

**(Nóta tábhachtach, ní féidir Seirbhís Bharúlach cheannaithe a chur san áireamh chun an tairseach intofachta i gcomhair scoir a bhaint amach faoin riail 35/55 bliain.)*

8. Céard is luach saothair inphinsin ann?

Lena rá go simplí, is ionann luach saothair inphinsin agus an pá deiridh. I gcás baill is ionann é seo agus an tuarastal ag am scoir.

9. Cén chaoi a ríomhtar mo phinsean agus mo chnapshuim?

Faoi réir ag riachtanas fosta seirbhíse (feic ceist 25), tá an pinsean agus an chnapshuim iníoctha in aghaidh gach bliana de sheirbhís inphinsin. Ó 1 Meán Fómhair 2001 i leith, ríomhtar gach seirbhís pháirtaimseartha ar bhonn pro-rata.

Pinsean:

Is ionann an pinsean agus $\frac{1}{200}$ den tuarastal ag am scoir, suas go tairseach de $3\frac{1}{2}$ uaire an ráta singil de Phinsin Stáit (Ranníocach) nó PSR, mar aon le $\frac{1}{80}$ den chuid sin den tuarastal ag am scoir (más ann dó) gur mó é ná an tairseach. Pinsean comhordaithe a thugtar air seo. Áit a bhfuil pinsean comhordaithe á íoc féadann pinsean forlíontach a bheith iníoctha i dtosca áirithe.

Pinsean Forlíontach (más infheidhme)

Is ionann an t-uaspinsean forlíontach agus an difríocht idir

(I) pinsean neamhchomhordaithe agus (II) pinsean comhordaithe

I = seirbhís x tuarastal

80

II = seirbhís x (tuarastal ≤ PSR x 3.333333) + seirbhís x (tuarastal > (PSR x 3.333333))

200

80

Cnapshuim:

Is ionann an chnapshuim agus $\frac{3}{80}$ den luach saothair glan inphinsin in aghaidh gach bliana de sheirbhís inphinsin ach go mbíonn sé faoi réir ag uasmhéid de $\frac{120}{80}$. Tá an íocaíocht seo saor ó cháin faoi láthair.

Is é an ranníocaíocht atá iníoctha chun an tseirbhís seo a cheannach ná $1\frac{1}{2}\%$ den ollphá móide $3\frac{1}{2}\%$ den phá comhordaithe i gcás na príomhscéime. Is é an ranníocaíocht atá iníoctha i gcás na Scéime Pinsin Céilí agus Leanaí ná $1\frac{1}{2}\%$ den phá comhordaithe áit a n-íoctar le linn fostaíochta. Tá an ráta ranníocaíochta bunaithe ar an luach saothair inphinsin ar dháta an iarratais. Má chuirtear ranníocaíocht an chéile siar go ham scoir is é an ranníocaíocht atá iníoctha ná 1% den phá comhordaithe ag an am scoir in aghaidh gach bliana nó coda de bhliain.

29. Céard tá sa Scéim do Cheannach Seirbhíse Barúlaí?

Faoin scéim do cheannach seirbhíse barúlaí féadann baill nach mbeadh 40 bliain de sheirbhís inphinsin acu ag aois 60 nó 65 (ag aois 65 bliain agus aige sin amháin i gcás Iontrálaí Nua), agus a bhfuil coinníollacha áirithe eile comhlíonta acu, seirbhís inphinsin breise a cheannach ag an lánchostas achtúireach. Ní mór é seo a dhéanamh trí iarratas scríofa. Caitear leis an tseirbhís bhreise a ceannaíodh mar sheirbhís iarbhair agus an pinsean agus teidlíochtaí cnapshuime á ríomh, sochair an chéile/pháirtí shibhialta agus sochair leanaí san áireamh sa phinsean sin.

Féadtar íoc trí íocaíocht chnapshuime uair amháin in aon bhliain féilire nó trí asbhaintí tréimhsiúla ó phá. Cuirtear tús leis na hasbhaintí tréimhsiúla ar lá breithe an bhaill suas go dtí 2 bhliain roimh aois 60 nó 65. Braitheann na rátaí ceannaigh ar an aois ag tosach an cheannaigh. De ghnáth, bíonn ranníocaíochtaí inlamhála in aghaidh cháin ioncaim sa tsli chéanna le ranníocaíochtaí don scéim do chéilí agus leanaí, faoi réir ag na rialacha a leagann na Coimisinéirí Ioncaim síos, teorainneacha na rialacha sin san áireamh.

Má roghnaíonn ball seirbhís bharúlach a cheannach trí ranníocaíochtaí tréimhsiúla, ach go n-éiríonn sé/í as an tseirbhís ina dhiaidh sin roimh an aois ar go dtí an aois sin a chomhaontaigh sé/í seirbhís a cheannach, nó má éiríonn an ball as na ranníocaíochtaí tréimhsiúla a dhéanamh, beidh an líon de bhlianta breise a bheidh ceannaithe aige/aici ar scor dó/dí níos lú ná an líon a ndearna sé/í conradh chun iad a cheannach ar dtús. Laghdófar dá réir a c(h)uid sochar.

Ina theannta sin, áit a roghnaíonn ball nach Iontrálaí Nua é/í, agus atá ag ceannach seirbhíse barúlaí trí thagairt do aois 65, feidhm a bhaint as luathscor costas-neodrach, cuirtear i bhfeidhm ar dtús na fachtóirí laghdaithe a bhaineann le seirbhís bharúlach agus ina dhiaidh sin na fachtóirí laghdaithe a bhaineann le luathscor costas-neodrach (feic ceist 12). Tá sé seo amhlaidh mar go bhfuiltear ag dul ar scor roimh aois 60 bliain.

Áit a ndéanann ball rogha seirbhís bharúlach a cheannach le cnapshuim, ní mór an íocaíocht a dhéanamh ag an dáta scoir nó roimhe sin. Ina theannta sin, ní féidir seirbhís bharúlach a cheannach le cnapshuim trí thagairt do aois 60 nuair atá níos mó ná 60 bliain slán ag an mball.

Féadann baill atá ar shos gairme rogha a dhéanamh an tréimhse seo a ríomh trín í a cheannach mar sheirbhís bharúlach ag na gnáthrátaí atá infheidhmíte. I gcás baill a rinne conradh chun seirbhís bharúlach a cheannach, agus a chuaigh ar shaoire gan phá ina dhiaidh sin, is féidir leis/léi an tseirbhís seo a ríomh trín í a cheannach le cnapshuim ag an dáta scoir nó laistigh de 6 mhí tar éis fillleadh ar an obair, nó is féidir leis/léi na ranníocaíochtaí tréimhsiúla a dhúbailt ar feadh tréimhse a bheidh cothrom leis an tréimhse shaoire. Tá eolas faoi na rátaí cuí a bhfuil feidhm acu le fáil ó Aonad na bPinsean.

26. Céard is blianta breise ann?

Féadtar seirbhís bharúlach nó blianta breise a bhronnadh i gcásanna eisceachtúla:

- (a) **Ar scor ar fhorais mhíochaine** (Ceist 16)
- (b) **Ar bhás sa tseirbhís** (Ceist 17)

27. Céard iad na socruithe atá ar bun d'aistriú seirbhíse inphinsin?

Faoin Scéim Aistrithe is féidir le baill seirbhíse inphinsin a aistriú idir scéimeanna pinsin éagsúla laistigh den chóras oideachais agus d'fhormhór na n-eagraíochtaí Stáit agus fo-stáit (e.g. an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta, Seirbhísí Sláinte, etc.). Tá liosta de na heagraíochtaí atá sa "líonra aistrithe seirbhíse poiblí" le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne. (www.education.ie)

Is ceart do bhaill Aonad na bPinsean a chur ar an eolas i dtaobh aon fhostaíochta roimhe sin sa tseirbhís phoiblí agus is ceart do bhaill atá ag éirí as oifig ainm an fhórsa ionchasaigh seirbhíse poiblí a lua (más ann dó) i dtreo is go bhféadfar seirbhís inphinsin a aistriú, más cuí.

Ina theannta sin, glacfaidh an Roinn le luachanna aistrithe ó chiste príobháideach pinsin ar an gcoinníoll go mbíonn riachtanais áirithe comhlóna. Tá tuilleadh eolais le fáil ó Aonad na bPinsean.

28. An féidir liom seirbhís a cheannach a tugadh roimh thosach do mo bhallraíocht sa Scéim?

Féadann Cúntóirí Riachtanas Speisialta/Feighlí a bhfuil seirbhís aige/aici nach raibh inphinsin san am a chuaigh thart, ach atá inphinsin anois, iarratas a chur isteach ar an tseirbhís roimhe sin a dhéanamh inphinsin.

Tá foráil sa scéim don tseirbhís inphinsin go léir san am a chuaigh thart a aisceannach chun críche pinsin, i.e. seirbhís lánaimsire a tugadh roimh 1 Meán Fómhair 2001 i gcás Cúntóirí Riachtanas Speisialta/Feighlí agus i gcás Cúntóirí Riachtanas Speisialta amháin, tá seirbhís pháirtaimseartha de 10 n-uaire nó níos mó ná sin in aghaidh na seachtaine a tugadh roimh 1 Meán Fómhair 2001 iníofa. Cuirfear seirbhís pháirtaimseartha chun sochair mar chéatadán de sheirbhís lánaimsire incomparáide (i.e. ráta pro rata $41 \times 52.18 = 2139$ uaire).

Beidh ráta ranníocaíochta an aisceannaigh do sheirbhís inphinsin san am a chuaigh thart le híoc ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta/Feighlí a bheidh ceaptha.

I gcás Cúntóirí Riachtanas Speisialta/Feighlí, beidh an costas bunaithe ar an bpá ag dáta an iarratais nó ag an dáta scoir, pé acu is túisce.

.Samplaí:

20 bliain de sheirbhís inphinsin x tuarastal inphinsin €31,630/80 x 3 = €28,237.50

Pinsean:(I) Pinsean neamhchomhordaithe: $[20 \times €31,360] / 80 = €7,840$
Pinsean:(II) Pinsean comhordaithe: $[20 \times (€12,017.05 \times 3.333333)] / 200 = €3,136.00$
Pinsean forlíontach: I – II = €7,840 – €3,136 = €4,344
Cnapshuim = $[38.079452 \times €67,294] / 80 \times 3 = €96,094.45$

Sochar caomhnaithe:

Faigheann baill atá i dteideal sochair chaomhnaithe a fháil pinsean agus cnapshuim bunaithe ar an luach saothair inphinsin ag an dáta ar éirigh siad as oifig agus é coigeartaithe ag na hathruithe pá cuí idir an dáta sin agus an dáta a ndeachaigh siad ar scor.

10. Táim ag postroinnt – cén chaoi a ríomhtar mo phinsean?

Áit a ndéantar foráil sna coinníollacha fostaíochta don phostroinnt, caitear le seirbhís phostroinnt an bhaill ar bhonn pro-rata i.e. 1 bliain = 183 lá agus is é an lánráta barúlach pá don phost ná an luach saothair inphinsin. Ciallaíonn sé seo go ríomhtar an tréimhse phostroinnt pro-rata le seirbhís lánaimsire inphinsin agus bíonn an luach saothair inphinsin bunaithe ar an luach saothair inphinsin atá coibhéiseach le seirbhís lánaimsire.

11. An íocfar mo phinsean sa ghnáthchúrsa ar scor dom?

Ní íocfar. Beidh ort iarratas ar do phinsean a chur isteach chuig Aonad na bPinsean sa Roinn. Is ceart é seo a dhéanamh 3 mhí ar a laghad roimh an dáta beartaithe scoir agat. Is ceart duit iarratas a chur isteach ar nó roimh 1 Márta má tá tú ag dul ar scor ag deireadh na scoilbhliana i.e. 31 Lúnasa.

12. Cén aois ag a bhfuil sochair iníoctha?

Áit gur Iontrálaí Nua an ball agus go bhfuil íosmhéid 2 bhliain seirbhíse inphinsin aige/aici ar scor dó/di, tá sochair iníoctha dó/di ag aois 65 bliain. Sainmhínítear "Iontrálaí Nua" in Alt 2 den Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004. Go ginearálta, duine is ea "Iontrálaí Nua" a thosaíonn ar fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí ar nó i ndiaidh 1 Aibreán 2004, nó a fhilleann ar fhostaíocht ar nó i ndiaidh an dáta sin tar éis sosa sa bhfostaíocht seirbhíse poiblí gur faide é ná 26 seachtain. I measc na n-eisceachtaí tá sosa gairme agus saoire chosanta ar nós saoire mháithreachais. Is ceart an tAcht a cheadú chun a chinneadh an Iontrálaí Nua duine nó nach ea.

Áit nach Iontrálaí Nua an ball agus go bhfuil íosmhéid 2 bhliain seirbhíse inphinsin aige/aici ar scor dó/dí, tá sochair iníoctha dó/dí–

- ◆ ag deireadh na scoilbhliana ina mbíonn 65 bliain slán aige/aici, (ar scor go héigeantach dó/dí) i gcás cúntóra riachtanas speisialta, an 65^ú lá breithe i gcás oifigigh cléireachais, nó
- ◆ ag 60 bliain d'aois.

Is feidir sochair a íoc roimh na haoiseanna sin má ta an duine ag dul ar scor ar fhorais mhíochaine (feic ceist 16) mar luathscor costas-neodrach (feic thíos).

Luathscor Costas-Neodrach: Mura cháilíonn ball do scor faoi na critéir thuas, tá rogha an luathscor chostas-neodraigh ar fáil. Faoi luathscor costas-neodrach ceadaítear scor idir aoiseanna 50 agus 60 (nó idir 55 agus 65 i gcás Iontrálaí Nua). Mar thoradh ar luathscor costas-neodrach bheadh sochair pinsin, laghdaithe go hachtúireach, le fáil láithreach in ionad sochar caomhnaithe ag dáta níos faide anonn. **Ní mór do bhall gur mian leis/léi feidhm a bhaint as an áis seo iarratas a chur isteach roimh dó/dí éirí as oifig sa scoil.** Bíonn breis solúbthachta ag baill foirne maidir le planáil do dhul ar scor le luathscor costas-neodrach.

Tá tuilleadh eolais agus Ciorclán Pen 07/05 le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Is iad seo a leanas na sochair a bheadh iníoctha faoi luathscor costas-neodrach sloinnte mar chéatadán de na Sochair Chaomhnaithe a bheadh iníoctha ag aois 60 do bhaill nach Iontrálaithe Nua iad:

Aois ar an lá breithe deiridh	Pinsean	Cnapshuim
50	62.4%	82.2%
51	65.1%	83.9%
52	67.9%	85.5%
53	71.0%	87.2%
54	74.3%	88.9%
55	77.8%	90.7%
56	81.6%	92.4%
57	85.7%	94.3%
58	90.1%	96.1%
59	94.8%	98.0%

Is iad na sochair atá iníoctha d'Iontrálaithe Nua faoin áis luathscor chostas-neodraigh ó aois 55 ná:

Féadann an tsuim iníoctha iomlán, idir phinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta agus na pinsin leanaí, bheith ar aon leibhéal le pinsean an duine éagtha.

24. An mbeidh orm íoc as pinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta?

Déantar asbhaintí tréimhsiúla de 1½% an luach saothair i rith shaol oibre baill. Ina theannta sin, déantar asbhaint shingil, cothrom le 1% den tuarastal deiridh comhordaithe, a thógáil ón gcnapshuim scoir nó ón aisce bháis, de réir mar is cuí, i leith gach bliana de sheirbhís inphinsin nach ndearnadh ranníocaíochtaí tréimhsiúla ina leith. Cuirtear san áireamh anseo asbhaint i leith seirbhíse ar bith réamhscéime atá inríofa agus seirbhíse féideartha ar bith go dtí cibé dáta **is túisce de**: deireadh a c (h)onartha reatha nó, i gcás baill nach Iontrálaí Nua é/í go dtí aois scoir éigeantaigh, nó i gcás baill gur Iontrálaí Nua é/í go dtí aois an phinsin chaomhnaithe, agus suim curtha chun sochair dó i gcomhair pinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta (feic thuas). Is féidir, i dtosca áirithe, an asbhaint chnapshuime seo a laghdú trí ranníocaíochtaí tréimhsiúla breise a dhéanamh le linn seirbhíse.

Faoin phríomhscéim, níl ball faoi dhliteanas ranníocaíochtaí a íoc isteach sa Scéim do Chéilí agus Leanaí ach ar feadh sheirbhís 40 bliain. Áit a bhfuil ró-íocaíochtaí déanta ag an mball isteach sa Scéim do Chéilí agus Leanaí, aisíocfar na ranníocaíochtaí do na blianta is luaithe.

25. Cé a fhaigheann sochar as teidlíochtaí caomhnaithe?

Tá teidlíocht ag ball ar bith, a d'éirigh as oifig roimh aois 60 agus íosmhéid de 5 bliana seirbhíse inphinsin aige/aici má éiríodh as oifig roimh 1 Meitheamh 2002, nó a bhfuil íosmhéid de 2 bhliain seirbhíse inphinsin aige/aici ó 2 Meitheamh 2002, chun pinsean caomhnaithe agus cnapshuim a fháil, a bheidh iníoctha ar a n-iarraidh ag aois 60 (nó 65 i gcás Iontrálaí Nua). Tá an pinsean bunaithe ar sheirbhís inphinsin agus luach saothair inphinsin ag dáta an éirí as oifig arna gcoigeartú leis na hathruithe cuí pá idir an dáta sin agus 60ú lá breithe an bhaill (nó 65ú lá breithe i gcás Iontrálaí Nua). Mar mhalairt air sin, féadann an ball atá ag éirí as oifig rogha a dhéanamh sochair laghdaithe go hachtúireach a thógáil má tá sé/í ag éirí as oifig tar éis aois 50 (nó aois 55 i gcás Iontrálaí Nua). (feic ceist 12).

Áit a mbásaíonn iar-bhall a raibh teidlíocht aige/aici chun sochair chaomhnaithe a fháil roimh aois 60 (65 i gcás Iontrálaí Nua), tá aisce bháis a bheidh cothrom leis an gcnapshuim chaomhnaithe iníoctha. Áit a raibh iar-bhall dá leithéid ina b(h)all den Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí agus go bhfágann sé/í Céile/Pháirtí Sibhialta intofa ina d(h)iaidh agus/nó leanaí intofa, sa chás sin féadann pinsean chéile/pháirtí shibhialta agus/nó pinsean/pinsin leanaí bheith iníoctha, bunaithe ar sheirbhís inphinsin an bhaill, agus air sin amháin.

Níl aon bhreisiú de bhlianta barúlacha ceadaithe i leith seirbhíse féideartha go dtí aois 65. Tagann teidlíochtaí pinsin caomhnaithe i gcomhair sochar chéile/pháirtí shibhialta agus leanaí i bhfeidhm ar bhás d'iar-bhall na scéime (feic ceist 20).

20. Céard tá sa Scéim Phinsin Ranníocach do Chéilí agus Leanáí?

Scéim ranníocach í seo, agus tá ballraíocht inti éigeantach do gach aon Chúntóir Riachtanas Speisialta agus Feighlí.

21. Cén chaoi a ríomhtar pinsean chéile/pháirtí shibhialta?

Nuair a bhásaíonn ball tar éis scor dó/di tá pinsean Chéile/Pháirtí Shibhialta iníoctha, gur ionann é is $\frac{1}{2}$ pinsin an iar-bhaill, iníoctha don ionadaí dlíthiúil. Beidh sé beagán níos airde ná $\frac{1}{2}$ áit a raibh an t-iar-bhall ag fáil pinsin chomhordaithe.

Ní rachaidh cinneadh ar luathscor costas-neodrach a ghlacadh in ionad sochar caomhnaithe, i gcion ar shochair atá iníoctha faoi Scéimeanna Pinsin do Chéilí agus Leanáí, i.e. beidh sochair ar bith atá iníoctha do mharthanóirí pinsinéirí luathscortha faoi Scéimeanna Pinsin do Chéilí agus Leanáí mar an gcéanna leo siúd atá iníoctha do mharthanóirí ball a dhéanann rogha a gcuid sochar a chaomhnú.

Áit a mbásaíonn ball sa tseirbhís nó tar éis scoir ar fhorais mhíochaine, bíonn pinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta bunaithe ar an tseirbhís a bheadh ag an mball dá mba rud é go raibh sé/í sa tseirbhís go dtí cibé dáta **is túisce de:** deireadh a c(h)onartha reatha nó, i gcás baill nach lontrálaí Nua é/í go dtí aois scoir éigeantaigh, nó i gcás baill gur lontrálaí Nua é/í go dtí aois an phinsin chaomhnaithe, faoi réir ag uasmhéid 40 bliain.

Bíonn pinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta iníoctha anuas ar theidlíochtaí ar bith atá iníoctha faoin gCód Coimirce Sóisialta.

22. Cé hiad na daoine clainne atá intofa ar phinsin?

Bíonn leanáí cleithiúnacha faoi bhun aois 16, nó aois 22 má tá siad ag fáil oideachais lánaimseartha, intofa. Áit a mbíonn duine clainne faoi éagumas buan intinne nó coirp agus nach bhfuil ar a c(h)umas, dá bharr sin, é/í féin a chothabháil, níl aon teorainn aoise ann, faoi réir ag an gcoinníoll go raibh an éagumas ann ó rugadh é/í nó gur tharla sé nuair a bhí an duine clainne intofa ar shochar.

23. Cé méid pinsin a fhaigheann duine clainne?

Is ionann pinsean duine clainne is $\frac{1}{3}$ pinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta i gcás gach duine den chéad triúr clainne atá intofa. Más rud é go bhfuil níos mó ná triúr clainne ann atá intofa, roinntear suim eatarthu gur ionann é is pinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta.

Áit a bhfuil an bheirt Chéilí/Pháirtithe Sibhialta éagtha agus gan ach duine amháin clainne ann atá intofa is ionann an pinsean is $\frac{2}{3}$ de pinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta éagtha. Áit a mbíonn beirt clainne atá intofa nó níos mó ná sin ann roinntear suim go cothrom eatarthu gur ionann é is pinsean an Chéile/Pháirtí Shibhialta.

Aois ar an lá breithe deiridh	Pinsean	Cnapshuim
55	58.2%	82.4%
56	61.1%	84%
57	64.1%	85.6%
58	67.4%	87.3%
59	71%	89%
60	74.8%	90.7%
61	79%	92.5%
62	83.6%	94.3%
63	88.5%	96.1%
64	94%	98%

Faigheann baill a fhágann an córas scoile agus sochair chaomhnaithe acu pinsean agus cnapshuim, ar a n-iarraidh sin dóibh, ag aois 60 (nó 65 i gcás lontrálaithe Nua). (feic Ceist 25)

13. An méadófar mo pinsean tar éis scor dom?

Is é an tAire Oideachais agus Scileanna a bhronnann méaduithe i bpinsin na mball le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Scéimeanna a rinneadh de réir na rialacha faoi mhéaduithe pinsin. Tá feidhmiú na méaduithe bunaithe ar phaireacht, rud a fhágann go mbíonn éifeacht ag na méaduithe pinsin ón dáta céanna leis na méaduithe atá á n-íoc leis na baill atá ag fónamh, áit a bhfuiltear ag cur na méaduithe sin ar aghaidh chuig baill scortha.

Mar a tharla, cuireadh na méaduithe ginearálta go léir ó 1986 i leith ar aghaidh chuig baill scortha ar an mbonn céanna le baill atá ag fónamh. I gcás méaduithe speisialta pá do bhaill atá ag fónamh, cuirtear cuid acu ar aghaidh chuig baill scortha agus ní chuirtear an chuid eile.

I measc na gcoinníollacha a d'fhéadfaí bheith ag súil lena gcomhlíonadh sula gcuirfí méaduithe speisialta pá ar aghaidh chuig baill scortha, tá:

- ◆ Caithfidh feidhm a bheith ag an méadú i leith na mball go léir atá ag fónamh sna poist i gceist
- ◆ Caithfidh go mbeifear ag aistriú ball atá ag fónamh go dtí na scálanna leasaithe pá ar bhonn “pointí comhfheagracha” (i.e. ní ar théarmaí “pá tosaigh ar ardú céime” ná “athghrádaithe”)
- ◆ Gan an méadú a bheith bronnta mar thoradh ar athstruchtúrú nó athrú mór ar dhualgais, gur ionann é is athghrádú na bpost nó na ngrád i gceist
- ◆ Gan an méadú a bheith bronnta i leith táirgiúlachta méadaithe ó bhaill atá ag fónamh, agus
- ◆ Caithfidh an méadú a bheith mar ghné bhuan den scála pá.

14. An laghdaítear na sochair más rud é go n-athfhostaítear ball sa chóras scoile tar éis scor dó/dí?

Laghdaítear/maolaítear an pinsean chun a chinntiú nach mó iomlán an phá agus an phinsin ná coibhéis reatha phá an bhaill ar scor dó/dí. Ní mór do bhall scortha atá ag fáil an phinsin an Roinn a chur ar an eolas am ar bith a fhilleann sé/í ar an bhfostaíocht nó chun obair san eamail leathan phoiblí ós rud é go leathnaíonn an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an maolú d'fhostaíocht ar bith sa tseirbhís phoiblí ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, áit a n-athfhilleann ball scortha atá ag fáil phinsin fhorlíontaigh (feic ceist 33) ar fhostaíocht árachaithe, féinfhostaíocht san áireamh, caithfidh deireadh a theacht láithreach le híoc an phinsin fhorlíontaigh. Ní laghdaítear ná ní chuirtear siar cnapshuimeanna.

15. Cén chaoi a n-íoctar pinsin?

Íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna na pinsin go coicísiúil ina riaráistí. Roimh scor dóibh, comhlánaíonn baill Foirm Dearbhú Pinsean. Tosnaítear ar an bpinsean a íoc le héifeacht ón lá deiridh seirbhíse le pá.

Déantar na híocaíochtaí isteach go díreach i gcuntas bainc an bhaill scortha. Is féidir asbhaintí áirithe a dhéanamh ón bpinsean más mian leis an duine aonair go ndéanfaí é sin (e.g. ASD, suibscríbhinní do chumainn do dhaoine scortha). Ní mór don bhall scortha na socrúithe cuí a dhéanamh leis an Rannóg Párolla Scortha sa Roinn.

16. Céard iad na sochair atá iníoctha má bhíonn orm scor go luath ar fhorais mhíochaine?

Má bhíonn ar bhall dul ar scor roimh aois 60 bliain (65 i gcás Iontrálaí Nua) de bharr drochshláinte buaine, íoctar an pinsean agus an chnapshuim láithreach, ar scor dó/dí má bhíonn níos mó ná 5 bliana seirbhíse inphinsin ag an mball. Bíonn na sochair bunaithe ar sheirbhís iarbhír suas go dtí an lá deiridh seirbhíse le pá móide blianta eile seirbhíse ar a dtugtar blianta breise, áit is cuí.

Má bhíonn ar dhuine dul ar scor ar fhorais mhíochaine agus níos lú ná 5 bliana ach níos mó ná 2 bhliain seirbhíse inphinsin aige/aici, bíonn rogha ag an duine sin idir íocaíocht aon-uaire cnapshuime (ar a dtugtar aisce ghearrsheirbhíse) a thógáil nó sochair chaomhnaithe a roghnú a íocfar sa ghnáthshlí ag aois 60 bliain nó aois 65 bliain i gcás Iontrálaí Nua.

Is ionann an aisce ghearrsheirbhíse is 1/12ú de luach saothair inphinsin móide 3/80ú de luach saothair inphinsin in aghaidh gach bliana de sheirbhís iarbhír inphinsin. Áit a bhfuil níos lú ná 2 bhliain seirbhíse ag ball, beidh an aisce cothrom le 1/12ú de luach saothair inphinsin glan in aghaidh gach bliain seirbhíse.

17. Céard iad na sochair a bhfuil feidhm acu má fhaighim bás sa tseirbhís?

Ar phrobáid nó litreacha riaracháin a bheith tugtha ar aird, tá aisce bháis iníoctha d'ionadaí pearsanta an bhaill, i.e. an seiceadóir atá ainmnithe san uacht nó an riarthóir áit ar bhásaigh an ball gan uacht a bheith déanta aige/aici. Is é an Aisce Bháis atá iníoctha ná cibé acu is mó de—

- ◆ Bliain amháin luach saothair inphinsin (ag an ráta infheidhmithe tráth ar bhásaigh an ball); nó
- ◆ Méid na cnapshuime a bheadh iníoctha dá mba rud é go ndeachaigh an ball ar scor ar fhorais mhíochaine ar dháta a b(h)áis, faoi reir ag uasmhéid de luach saothair inphinsin an bhaill ar dháta a b(h)áis méadaithe faoi 1½.

Nil aon riachtanas fosta seirbhíse ann ach éilítear deonú probháide i ngach cás sula féidir sochar a íoc.

Más ball den Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí an Cúntóir Riachtanas Speisialta/Feighlí, is ionann ráta an phinsin don chéad mhí agus 1/12 de luach saothair inphinsin an bhaill. As sin amach beidh pinsin an Chéile/Pháirtí Shibhialta agus pinsin na leanaí iníoctha ar bhonn sheirbhíse (iarbhír + féideartha) an bhaill éagtha agus í ríofa go dtí cibé acu **is túisce de:** deireadh a c(h)onartha reatha nó, i gcás baill nach lontrálaí Nua é/í go dtí aois scoir éigeantaigh, nó i gcás baill gur lontrálaí Nua é/í go dtí aois an phinsin chaomhnaithe, faoi réir ag uasmhéid 40 bliain. Baintear asbhaint chuí ón Aisce Bháis i leith na seirbhíse barúlaí breise seo (feic ceist 24 thíos).

18. Céard iad na sochair a bhfuil feidhm acu i gcás báis tar éis scoir?

Más rud é ag am an bháis gur lú iomlán an phinsin chomhláin a fuarthas ón dul ar scor, mar aon le hollmhéid na cnapshuime scoir, ná luach saothair inphinsin bliana amháin ag dáta an scoir, tá aisce chomhardaithe, gur leor é chun an t-iomlán a mhéadú suas go dtí coibhéis luach saothair inphinsin bliana amháin, iníoctha d'ionadaí pearsanta an bhaill. Ní bhíonn feidhm aige seo i gcás daoine a n-íoctar pinsin caomhnaithe leo. Tá sochair Chéile/Pháirtí Shibhialta agus Leanaí iníoctha freisin áit is cuí (feic ceist 20 thíos).

19. Céard iad na sochair a bhfuil feidhm acu sa chás go n-éirítear as an bpost ar fhorais seachas aois nó forais mhíochaine?

Ar éirí as an bpost go deonach dó/dí roimh dó/dí aois 60 bliain (nó aois 65 bliain i gcás Iontrálaí Nua) a bhaint amach, bíonn na roghanna seo a leanas ag ball—

a. Aistriú:

Aistrigh cearta fabhráithe pinsin go dtí eagraíocht fhaofa (ceist 27), nó

b. Sochair Chaomhnaithe:

Má bhíonn 2 bhliain seirbhíse inphinsin ar a laghad ag an mball, is féidir sochair chaomhnaithe a íoc leis/léi ar iarratas a bheith curtha isteach aige/aici ag aois 60 bliain (nó aois 65 bliain i gcás Iontrálaí Nua) (ceist 25), nó

c. Sochair Laghdaithe go hAchtúireach. (Feic ceist 12)